



Seirbhís Urnaí do Lá na Seantuismitheoirí

Iomann tosaigh

'This is the Day' (I nGrá Dé – Rang 3/Bunscoil 5) nó 'Christ be our Light' le Bernadette Farrell (I nGrá Dé – Rang 4/Bunscoil 6)

Léacht

Léitheoir 1: Gabhaimid buíochas le Dia inniu as tíolacadh na seantuismitheoirí. Éistimis leis an litir a scríobh Naomh Pól chuig na Filipigh. Gabhann sé buíochas le Dia as an lúcháir a bhaineann le dea-thionchar a bheith ag daoine eile ar ár saol féin.

Léitheoir 2: Sliocht as litir Naomh Pól chuig na Filipigh (Fil 1:3-11).

Gach uair dá gcuimhním oraibh gabhaim buíochas le mo Dhia agus gach uair a bhím ag guí déanaim guí oraibh uile go lúcháireach, mar gheall ar an bpáirt a bhí agaibh sa dea-scéal ón gcéad lá riamh go dtí inniu. Agus táim cinnte den mhéid seo: an té a thosaigh an dea-obair in bhur measc go leanfaidh sé á chur i gcrích go dtí lá Íosa Críost. Is maith is ceart dom an aigne seo a bheith agam in bhur dtaobh go léir, de bhrí go bhfuil sibh i gcochall mo chroí agam agus a rá go bhfuil sibh go léir rannpháirteach sa ghrásta a bhronn Dia orm, cibé acu a bhím i gcuibhreacha nó ag cosaint agus ag daingniú an dea-scéil. Tá a fhios ag Dia go bhfuilim ag tnúth libh uile le cion Íosa Críost féin. Is é mo ghuí go rachaidh bhur ngrá dá chéile i méid agus i méid le barr eolais agus tuisceana, sa tslí go mba rogha libh na nithe is fearr agus go mbeidh sibh glan gan locht i gcomhair lá Chríost agus go mbeidh sibh lán de thorthaí na fíréantachta sin a thagann trí Íosa Críost, chun moladh agus glóire Dé. Sin é Briathar Dé.

Léitheoir 3: Tugann an litir a scríobh Naomh Pól le fios dúinn gur féidir saol fiúntach a chaitheamh nuair a bhíonn ár ndícheall á dhéanamh againn. Múineann sé dúinn a bheith buíoch as na mionrudaí inár saol, agus conas mar is féidir a bheith lúcháireach nuair a roinnimid an grá lena chéile. Is eiseamláirí iad na seantuismitheoirí ó thaobh saol fiúntach a chaitheamh toisc gur minic go gcuireann siad ár gcuid riachtanas, roimh a gcuid riachtanas féin. Léiríonn siad dúinn conas mar is féidir feidhmiú i gceart mar chomhluadar sa bhaile agus ar scoil.

Léitheoir 4: Roinneann na seantuismitheoirí a gcuid lúcháir féin linn, agus múineann siad dúinn conas saol fiúntach a chaitheamh ar domhan. Tugann siad dea-chomhairle dúinn, agus cabhraíonn siad linn maireachtáil go grámhar ar nós Íosa. Roinneann siad lúcháir an Tiarna Íosa Críost linn nuair a chuireann siad an creideamh ar aghaidh chugainn.

Léitheoir 5: Gabhaimid buíochas leis na seantuismitheoirí as a gcuid ama a roinnt linn inniu. Tá sé in am anois ár bpaidreacha a chur chun Dé.





Guí an Phobail

Guímid ar son na muintire atá bailithe lena chéile anseo: na múinteoirí, foireann na scoile, baill an bhoird bainistíochta, agus na baill teaghlaigh. Guímid chun an Tiarna.

Freagra: A Thiarna éist linn.

Guímid ar son na dtuismitheoirí agus na seantuismitheoirí a thugann aire agus grá dúinn, agus an dea-shampla i mbriathra agus i bhfocail, a chabhróidh linn maireachtáil ar nós Íosa. Iarraimid ort iad a chaomhnú is a chosaint. Guímid chun an Tiarna.

Freagra: A Thiarna éist linn.

Beannaigh páistí uile an domhain: iadsan atá ar scoil anseo, an t-aos óg sa bhaile agus ar fud na cruinne. Deonaigh go ndéanfaimid ár seacht ndícheall ár gcuid a roinnt leis na daoine óga atá i ngátar. Guímid chun an Tiarna.

Freagra: A Thiarna éist linn.

Cuimhnímid anois orthu san a bhfuair bás, na seantuismitheoirí ach go háirithe, agus an mhuintir atá ar shlí na fírinne. Iarraimid ar Íosa iad a bheannú, agus iad ag maireachtáil go síoraí ar neamh i measc na naomh. Guímid chun an Tiarna.

Freagra: A Thiarna éist linn.

Léitheoir 6: Smaoinímid inniu ar Lá na Seantuismitheoirí, ar an gcreideamh agus ar an ngrá a roinneann na seantuismitheoirí linn. Deonaigh gur féidir linne muid féin agus ár maoin a roinnt chomh maith, le go dtuigfimid an tsástacht a bhaineann le bheith ag roinnt, agus ag cabhrú leis an mhuintir i ngátar. Guímis lena chéile: *Ár nAthair ...*

An Bheannacht

A Thiarna grámhar, beannaigh na seantuismitheoirí ar fad, iadsan atá inár láthair inniu, iadsan nach féidir leo a bheith páirteach linn, agus na daoine atá ar shlí na fírinne. Deonaigh go mbeidh an chrógacht agus an mianach iontu a gcuid eolais agus a gcuid taithí a thabhairt ar aghaidh i scéalta, in amhráin agus i gcuimhní cinn. Deonaigh go mbeidh siad i gcónaí ag fás agus ag forbairt in éineacht linne. Beannaigh do mhuintir a chruinnigh lena chéile anseo inniu. Cuirimid ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. Amen.

Iomann deiridh

'A Mhuire Mháthair' (Trad/Arr: Ian Callanan; I nGrá Dé – Rang 5/Bunscoil 7) nó 'Circle of Friends' (I nGrá Dé – Rang 1/Bunscoil 3)

